www.singlepensionscheme.gov.ie

# An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair



# Bileog Faisnéise do Scéime

## Gráid Fabhraithe Tapa (Faoi Éide)

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

Aibreán 2020

# Tábhachtach

**Tabhair do d'aire go bhfuil an bhileog faisnéise seo dírithe ar chomhaltaí, ag grád Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, go sonrach, Gardaí, Comhaltaí de na Buan-Óglaigh, Oifigigh Phríosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha. Tá téarmaí pinsin difriúla eile ag na catagóirí comhaltaí scéime seo a leanas nach gclúdaítear sa bhileog seo:**

- ***Comhaltaí den Oireachtas, an tUachtarán san áireamh;***
- ***na Breithiúna;***
- ***An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus sealbhóirí oifige cáilithe agus ainmnithe eile.***

**Ba cheart do chomhaltaí ag grád Fabhraithe Caighdeánach féachaint ar Bhileog Faisnéise na Scéime ar líne atá ar fáil i limistéar na gComhaltaí de www.singlepensionscheme.gov.ie**

---

**Séanadh Dlíthiúil**

Is achoimre atá le fáil sa treoirleabhar seo ar na sochair atá iníoctha le comhalta ag grád Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Ní doiciméad conarthach é seo agus ní thugann sé aon cheart chun sochair. Ní thugann aon rud sa treoirleabhar seo nó in aon chumarsáid eile eisithe chugat aon teidlíocht chun sochar duit de bhreis ar a bhfuil curtha ar fáil faoin Scéim Aonair. I gcás aon neamhréireachta leis an treo-irleabhar seo, beidh feidhm ag forálacha Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus na rialacháin ghaolmhara gach tráth.

Tá gach tagairt do rátaí na Scéime Pinsin Ranníocach Stáit bunaithe ar na rátaí atá i bhfeidhm ar an dáta foilsithe. Tá gach tagairt do reachtaíocht nó do chiorcláin oifigiúla bunaithe ar an reachtaíocht agus ar na ciorcláin atá ar marthain ar an dáta foilsithe.

Tá gach tagairt do cháin bunaithe ar an léiriú ar an staid ar dháta foilsithe an treoirleabhair seo. Gearrtar cáin ar shochair agus ranníocaíochtaí ag an ráta agus ar an tslí atá i bhfeidhm i ndáiríre ag an tráth iomchuí.

---

**Buíochas**

Tá na híomhánna sa bhileog faisnéise seo a bhaineann leis an Airm, leis an gCabhlach agus leis an Aerfhórsa curtha ar fáil le caoinchead Óglaigh na hÉireann.

# Clár na nÁbhar


**Forléargas ar Do Scéim Pinsin** 5

**Brí na bPríomhthéarmaí** 6

**Comhaltacht na Scéime** 9

- An comhalta den Scéim mé? 9
- An féidir liom diúltú a bheith páirteach sa Scéim? 9

**Do ranníocaíochtaí sa Scéim** 10

- Cé mhéad a íocaim? 10
- Roinnt samplaí den tslí a ríomhtar ranníocaíochtaí 11
- An bhfaighidh mé faoiseamh cánach ar mo ranníocaíochtaí? 15
- Céard a tharlaíonn do mo ranníocaíochtaí pinsin? 15
- An féidir liom ranníocaíochtaí breise a íoc? 15

**Do shochair ón Scéim** 16

- Conas a charnann tú sochair faoin Scéim? 16
- Conas a ríomhtar do shochair? 16
- Conas a dhéantar do shochair a athluacháil le himeacht ama? 21

**Céard a tharlaíonn má athraíonn d'uaireanta oibre?** 24

**Céard a tharlaíonn má tá dhá fhostaíocht seirbhíse poiblí inphinsin nó níos mó agat?** 25

**Sochair a aistriú ó fhostaíochtaí eile** 26

- An féidir liom sochair a aistriú ó fhostaíochtaí a bhí agam sa tseirbhís phríobháideach roimhe seo? 26
- Céard a tharlaíonn má tá sochair agam ó fhostaíochtaí seirbhíse poiblí a bhí agam roimhe seo? 26

**Céard a tharlaíonn má bhíonn mé as láthair ón obair?** 27

- Neamhláithreacht Fhaofa Íoctha 27
- Neamhláithreacht Neamhíoctha 27
- Saoire Bhreoiteachta 27

**Do shochair nuair a fhágann tú fostaíocht** 28

- Céard a tharlaíonn má fhágaim m'fhostaíocht? 28
- Céard é Tréimhse na Scéime Dílsithe? 28
- Céard a tharlaíonn má bhí tú i do chomhalta den Scéim le haghaidh 24 mí nó níos mó? 28
- Céard a tharlaíonn má bhogaim ó phost seirbhíse poiblí amháin go post seirbhíse poiblí eile? 29
- Céard a tharlaíonn má bhí íocaíochtaí sa Scéim á ndéanamh agat le haghaidh níos lú ná 24 mí? 29
- Conas is féidir liom aisíocaíocht na ranníocaíochtaí a d'íoc mé a fháil? 29
- Céard a tharlaíonn má fhaighim bás i ndiaidh dom m'fhostaíocht a fhágáil? 29
- An féidir liom mo shochair a aistriú chuig socrú pinsin eile? 30
- Céard a tharlaíonn má ghlacaim páirt sa Scéim Aonair arís am éigin amach anseo? 30


*Ar lean thall*

**Do chuid sochar nuair a théann tú ar scor** 31

- Céard é mo ghnáthaois scoir le haghaidh íocaíocht sochar scoir láithreach? 31
- An féidir liom fanacht i mo chomhalta Scéime tar éis mo ghnáthaois scoir le haghaidh íocaíocht sochar scoir láithreach. 31
- Conas a ríomhtar mo shochair scoir deireanacha? 31
- An bhfuil uasteorainn luaite le mo shochair scoir? 31
- An ardaíonn mo phinsean i ndiaidh dom dul ar scor? 31
- An féidir liom m'fhostaíocht a fhágáil níos luaithe ná an ghnáthaois scoir? 32
- Cathain is féidir liom cáiliú le haghaidh íocaíocht sochar iarchurtha? 32
- Céard a tharlaíonn más gá dom dul ar scor go luath mar gheall ar dhrochshláinte? 32
- Céard a tharlaíonn má ghlacaim páirt sa tSeirbhís Phoiblí arís i ndiaidh dom dul ar scor agus pinsean a bheith á fháil agam? 32

**An Pinsean Ranníocach Stáit agus sochair do Scéime Aonair** 33

- Pinsean Forlíontach 33

**Sochair báis** 34

- Céard a tharlaíonn má fhaighim bás i rith m'fhostaíochta mar chomhalta den Scéim? 34
- Céard a tharlaíonn do m'íocaíocht pinsin nuair a fhaighim bás i ndiaidh dom dul ar scor? 34

**Dlí Teaghlaigh agus do chuid sochar** 35

- Céard a d'fhéadfadh tarlú do mo chuid sochar má bhíonn scaradh nó colscaradh i gceist? 35
- Cá bhfaighidh mé tuilleadh faisnéise faoi Dhlí Teaghlaigh? 35

**Comhaltacht Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) agus comhaltacht Fabhraithe Caighdeánach** 36

- Céard é comhaltacht Fabhraithe Caighdeánach? 36
- Céard é gnáthaois scoir an Fhabhraithe Chaighdeánaigh? 36
- Céard é an aois sochair iarchurtha le haghaidh comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide)? 36

**Breis Faisnéise faoin Scéim** 37

- Céard é bonn dlí na Scéime seo? 37
- An féidir an Scéim a leasú? 37
- An bhfuil an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsean? 37
- Cé atá i mbun riaradh na Scéime? 37
- Cé a íocann mo chuid sochar? 37
- An féidir liom mo chuid sochar a úsáid mar urrús chun iasacht nó morgáiste a fháil? 37
- Céard a dhéanfaidh mé más mian liom gearán a dhéanamh? 37

**Cá bhfuil breis faisnéise le fáil?** 38

**Foinsí eile d'fhaisnéis úsáideach** 39

# Forléargas ar Do Scéim Pinsin

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair *("An Scéim Pinsin Aonair")* ar an 1 Eanáir 2013.

Má thosaigh tú ag obair sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 agus má tá post inphinsin agat, go ginearálta, is í seo an Scéim Pinsin a bheidh ábhartha i do chás féin.

Is *Scéim Pinsin le Sochar Sainithe* de chuid na Seirbhíse Poiblí do Scéim. Ní infheistítear do ranníocaíochtaí sa stocmhargadh agus tacaíonn an Státchiste le d'fhostóir do shochair a íoc faoin Scéim.

Tá an Scéim Pinsin Aonair bunaithe ar shamhail *meántuilleamh gairmréime*. Ciallaíonn sé seo go bhfuil do shochair scoir bunaithe ar % de do thuilleamh inphinsin i rith do ghairme sa tseirbhís phoiblí mar chomhalta den Scéim. Níl do shochair scoir iníoctha ach tráth an scoir má tá an *tréimhse dílsithe* curtha i gcrích agat. Is é 24 mí an *tréimhse dílsithe* atá luaite leis an Scéim seo.

Gach uair a fhaigheann tú luach saothair inphinsin (pá móide aon liúntais inphinsin) i dtréimhse pá, cuireann tú le méid a rachaidh i dtreo do shochar scoir. Braitheann do shochair scoir deiridh ar iomlán na méideanna seo a charntar i rith d'fhostaíocht inphinsin. Déantar na méideanna seo a choigeartú suas ar bhonn bliantúil sa chás go mbíonn méadú ar bhoilsciú i gceist.

Faoin Scéim, is ionann Gnáthaois Scoir agus an aois is luaithe ag a bhfuil tusa (in imthosca seachas *Scor Drochshláinte*), comhalta dílsithe Fabhraithe Tapa (Faoi Éide), incháilithe le haghaidh íocaíocht pinsin agus sochar cnapshuime díreach i ndiaidh dul ar scor. Go ginearálta, maidir le comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) den Scéim, is í an Ghnáthaois Scoir *50 bliain d'aois le haghaidh comhaltaí de na Buan-Óglaigh agus 55 bliain d'aois le haghaidh* Gardaí, Oifigeach Príosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha.

Ciallaíonn "fabhrú tapa" go gcarnann tú sochair Scéime ag ráta níos airde agus i bhformhór na gcásanna go bhfuil tú incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar shochair scoir faoin Scéim níos túisce ná mar atá comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach.

Tá sochair bhreise ag baint le do Scéim freisin atá iníoctha má fhaigheann tú bás le linn duit a bheith i do chomhalta den Scéim. Áirítear anseo, de ghnáth, cnapshuim a íoc nuair a fhaigheann tú bás agus, ag brath ar do chás féin, pinsean b'fhéidir le do chéile/páirtí sibhialta marthanach agus leanaí incháilithe.

Is é atá mar aidhm leis an mbileog seo faisnéis ghinearálta a chur ar fáil faoi phríomhshochair do Scéime, lena n-áirítear cé mhéad nach mór duit a ranníoc mar chomhalta den Scéim agus cathain is féidir do shochair a íoc.



# Brí na bPríomhthéarmaí

Uaireanta síleann daoine go bhfuil pinsin casta. Seo thíos míniú ar chuid de na príomhthéarmaí atá luaite sa bhileog seo.

### Lacáiste

Má tá pinsinéir Seirbhíse Poiblí ag fáil aon phinsean Seirbhíse Poiblí agus má dhéanann Comhlacht Seirbhíse Poiblí é/í a athfhostú i bpost a bhfuil íocaíocht á fáil lena aghaidh, d'fhéadfaí íoc a p(h)insean reatha a laghdú nó a chur ar fionraí (lacáiste) le haghaidh na tréimhse ina bhfuil aon íocaíocht iar-scoir á fáil. Faoi rialacha an phinsin seirbhíse poiblí, ní féidir le pinsinéir níos mó a thuilleamh nuair atá sé/sí ar scor (lena n-áirítear a p(h)insean seirbhíse poiblí *móide* an pá seirbhíse poiblí nua) ná a thuillfeadh sé/sí mura raibh sé/sí imithe ar scor óna p(h)ost bunaidh.

### Ráta Fabhraithe

Tagraíonn sé seo don ráta ag a gcarntar do chnapshuim scoir agus sochair phinsin, ar a dtugtar *méideanna inchurtha*. Sa Scéim seo, is % de do luach saothair inphinsin (tuilleamh) le haghaidh na dtréimhsí ar fad a íocann tú isteach sa Scéim atá i gceist.

### Ráiteas Sochair Bliantúil

Is doiciméad tábhachtach pinsin é an Ráiteas Sochair Bliantúil a bheidh le fáil agat ó d'fhostóir faoin 30 Meitheamh gach bliain. Is ionann do Ráiteas agus achoimre ar do shochair amhail ar an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin. Beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas sa Ráiteas:

- Méid na ranníocaíochtaí pinsin a d'íoc tú isteach sa Scéim le d'fhostóir reatha don bhliain roimhe sin
- Méid na sochar scoir atá carntha agat ag deireadh na bliana roimhe sin faoin Scéim le d'fhostóir reatha

### Scéim Pinsean bunaithe ar Mheántuilleamh Gairmréime

Faoin gcineál seo Scéime, tá luach do shochar nuair a théann tú ar scor bunaithe ar do luach saothair inphinsin (tuilleamh) i rith do ghairme seirbhíse poiblí. Is Scéim Pinsin le Sochar Sainithe *í an Scéim seo.*

### Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI)

Is ionann CPI agus ríomh a dhéanann An Phríomh-Oifig Staidrimh. Úsáidtear é chun boilsciú in Éirinn a thomhas trí na hathruithe a thagann ar an meánleibhéal praghsanna a íocaimid le haghaidh earraí agus seirbhísí le himeacht ama a thaifeadadh. Sa chás go dtugtar méadú ar CPI faoi deara ó bhliain go bliain, méadóidh na *méideanna inchurtha* a d'fhéadfadh a bheith carntha agat i mblianta roimhe sin faoin Scéim ag an ráta céanna le haon mhéadú CPI. I ndiaidh duit dul ar scor, d'fhéadfaí do phinsean a mhéadú ag an ráta céanna le haon mhéadú CPI.

### Pinsean Ranníocach Stáit (CSP)

Is pinsean é seo a d'fhéadfá a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ag brath ar thaifead na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) atá déanta agat i do shaol oibre go ginearálta. Tá sé iníoctha sa bhreis ar na sochair scoir a d'fhéadfá a bheith i dteideal a fháil faoin Scéim Aonair. Áit a dtagraítear do CSP sa bhileog seo, ciallaíonn sé an ráta atá sonraithe d'aosach singil atá gan chleithiúnaithe. Tá an ráta reatha CSP le fáil ar www.welfare.ie.

### Fritháireamh an Phinsin Ranníocaigh Stáit (CSP)

Is scéim chomhtháite í an Scéim Pinsean Aonair a chiallaíonn go n-áiritear sa phinsean atá iníoctha leat sochair an Phinsin Ranníocaigh Stáit a d'fhéadfadh a bheith iníoctha ar leithligh leat tríd an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí. Glacann scéim chomhtháite leis an bPinsean Ranníocach Stáit mar chuid den phacáiste iomlán pinsin. Déanann fostóirí agus fostaithe araon ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasa (ÁSPC) agus d'fhéadfadh siad seo, dá réir sin, a bheith mar bhonn le teidlíochtaí ar shochair Leasa Shóisialaigh a thabhairt do chomhaltaí na Scéime. Áit ar cuí, nuair a bhíonn na ranníocaíochtaí dlite agus na méideanna pinsin atá carntha faoin Scéim Aonair á ríomh, cuirtear coigeartú, ar a dtugtar fritháireamh an Phinsin Ranníocaigh Stáit (CSP), i bhfeidhm ar d'olltuilleamh inphinsin.

## Sochair Iarchurtha

Má tá tú i mbun fostaíochta inphinsin le haghaidh 24 mí nó níos mó agus má fhágann tú fostaíocht inphinsin roimh do *Ghnáthaois Scoir* beidh teidlíocht agat chun íocaíocht *Sochar Iarchurtha* (sochair phinsin agus chnapshuime) ón Scéim ag an aois iarchurtha. Go ginearálta, tá d'aois iarchurtha, níos airde ná do ghnáthaois scoir.

Maidir le comhaltaí na Scéime Aonair, de ghnáth tá sochair scoir iníoctha – nuair a dhéanann an comhalta iarratas – ag an aois chéanna ar féidir leat an CSP a éileamh ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is é an bealach is éasca chun an aois ag a mbeidh do shochair scoir iníoctha faoin Scéim a oibriú amach úsáid a bhaint as do dháta breithe.

| Aois 66 | Aois 67 | Aois 68 |
|---|---|---|
| Má rugadh thú roimh an 1 Eanáir 1955 | Má rugadh thú idir an 1 Eanáir 1955 agus an 31 Nollaig 1960 | Má rugadh thú ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 1961 |

**Tabhair faoi deara:** I gcás eisceachtúil, tá sochair iarchurtha iníoctha ó aois 60 le comhaltaí áirithe Buan-Óglaigh (PDF) na Scéime, má dhéantar iad, gan aon locht a bheith orthu féin, a urscaoileadh nó a scor go héigeantach ar fhorais pholasaí Acmhainní Daonna (AD) (seachas ar fhorais leighis*) sula sroicheann siad an *Ghnáthaois Scoir* 50 bliain d'aois (ar a dtugtar an *aois phinsin íosta* freisin). Bheadh sé seo i gceist, mar shampla, i gcás comhaltaí PDF a gceanglaítear orthu, faoina gconarthaí seirbhíse nó téarmaí agus coinníollacha, a bheith urscaoilte go héigeantach nuair a bheidh tréimhse shonrach seirbhíse curtha i gcrích acu sula mbíonn 50 bliain d'aois slánaithe acu.

## Scéim Pinsin le Sochar Sainithe

Is cineál Scéim Pinsin le Sochar Sainithe *í an Scéim Aonair. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an bealach a charntar sochair sainithe i rialacha na Scéime. Tá do shochair scoir bunaithe ar % de do luach saothair inphinsin don tréimhse iomlán ina raibh tú i do chomhalta den Scéim.*

## Ranníocaíochtaí Fostaí

Ceanglaítear ar gach comhalta ranníocaíochtaí a íoc chun cur lena sochair faoin Scéim. De bhrí go ndéanann d'fhostóir do ranníocaíochtaí a ríomh agus a asbhaint gach tréimhse pá, tá an fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil do d'fhostóir cruinn. Má shíleann tú nach bhfuil do ranníocaíochtaí á ríomh i gceart, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir a luaithe agus is féidir leat.

## Fabhrú Tapa

Tá grúpaí comhaltaí fabhraithe tapa sonraithe in Alt 26 d'Acht 2012. Carntar sochair comhaltaí fabhraithe tapa ag rátaí níos airde, agus tá siad incháilithe le haghaidh sochar scoir níos túisce ná comhaltaí fabhraithe caighdeánach. Chomh maith leis sin, íocann comhaltaí fabhraithe tapa ranníocaíochtaí fostaí ag rátaí níos airde ná comhaltaí caighdeánacha.

## Coibhéis Lánaimseartha (FTE) nó % Patrún Oibre

Is % nó deachúil é seo a dhéanann comparáid idir patrún oibre nó tuarastal comhalta páirtaimseartha agus comhghleacaí lánaimseartha. Tá FTE de 100% nó 1.00 ag oibrí lánaimseartha. Bheadh patrún oibre FTE de 50% nó 0.50 ag oibrí páirtaimseartha a oibríonn leath an líon uaireanta a oibríonn comhghleacaí lánaimseartha.

Más rud é gur oibrigh tú FTE de 50% nó 0.50 agus gur thuill tú €20,000 gach bliain, bheadh do thuarastal coibhéiseach FTE, dá mbeadh tú chun FTE de 100% nó 1.00 a oibriú, cothrom le €40,000 gach bliain.

## Oll-luach Saothair Inphinsin

Is é seo do bhunphá móide aon liúntais inphinsin a d'fhéadfadh a bheith á bhfáil agat. Íocann tú ranníocaíochtaí pinsin ar do thuilleamh inphinsin gach uair a fhaigheann tú íocaíocht mar chomhalta den Scéim. Má fhaigheann tú liúntas mar chuid de do phá, go hiondúil deimhneoidh do chonradh agus/nó téarmaí agus coinníollacha fostaíochta má tá do liúntas inphinsin nó is féidir leat ceist a chur ar d'fhostóir.

### Ráiteas Fágálaí

Doiciméad tábhachtach pinsin a bhfuil tú i dteideal é a fháil ó d'fhostóir laistigh de shé mhí ó chríoch a chur le fostaíocht inphinsin seachas mar thoradh ar scor. Beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas sa Ráiteas:

- Méid iomlán na ranníocaíochtaí pinsin a d'íoc tú isteach sa Scéim le d'fhostóir i rith na bliana fágála;
- Méid iomlán na sochar scoir a charn tú sa Scéim le d'fhostóir i rith na bliana fágála;
- Méid iomlán na sochar scoir a charn tú sa Scéim le d'fhostóir i rith na mblianta roimhe sin.

### Glanluach Saothair Inphinsin

Is é seo d'olltuilleamh inphinsin lúide dhá oiread luach an *Phinsin Ranníocaigh Stáit*, ar a dtugtar an Fritháireamh CSP freisin, i dtréimhse pá úsáidte chun críche do ranníocaíochtaí pinsin a ríomh. Chun críocha na Scéime pinsin seo, más ag obair go páirtaimseartha atá tú, úsáidfear *d'oll-luach saothair inphinsin coibhéis lánaimseartha* nuair a bheidh do ghlantuilleamh inphinsin á ríomh.

### Gnáthaois Scoir

Faoin Scéim, is ionann Gnáthaois Scoir agus an aois is luaithe ag a bhfuil tusa mar chomhalta dílsithe Fabhraithe Tapa (Faoi Éide), incháilithe le haghaidh íocaíocht pinsin agus sochar cnapshuime díreach i ndiaidh dul ar scor. Go ginearálta, maidir le comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) den Scéim, is í an Ghnáthaois Scoir *50 bliain d'aois le haghaidh comhaltaí de na Buan-Óglaigh agus 55 bliain d'aois le haghaidh* Gardaí, Oifigeach Príosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha.

### Minicíocht na Tréimhse Pá

Tagraíonn sé seo do do mhinicíocht pá mar fhostaí. B'fhéidir go mbeadh tú á íoc gach mí (12 thréimhse pá i ngach bliain féilire), gach coicís (26.09 tréimhse pá i ngach bliain féilire) nó gach seachtain (52.18 tréimhse pá i ngach bliain féilire). Braitheann méid *fhritháireamh do Phinsin Ranníocaigh Stáit (CSP)* ar mhinicíocht do thréimhse pá atá le cur i bhfeidhm gach uair a íoctar tú ar *d'oll-luach saothair inphinsin*.

### Sochair Chaomhnaithe

Féach ar *Sochair Iarchurtha.*

### Méideanna Inchurtha

Is iad seo na méideanna airgid a charnann tú le himeacht ama mar chomhalta den Scéim. Gach uair a íoctar tú, cuireann tú leis an Scéim agus cuireann tú leis na méideanna atá ar fáil le haghaidh do chnapshuim scoir agus do phinsean scoir. Braitheann do shochair scoir ar shuim na méideanna seo, le roinnt coigeartuithe le haghaidh méaduithe ar bhoilsciú.

### Údarás Iomchuí

Ciallaíonn an téarma seo comhlacht atá freagrach as an Scéim Aonair a riaradh do chomhaltaí na Scéime Aonair. I gcásanna áirithe b'fhéidir nach é Údarás Iomchuí an chomhalta an fostóir, e.g. is é an Roinn Oideachais agus Scileanna an tÚdarás Iomchuí le haghaidh múinteoirí bunscoile. I láthair na huaire, tá breis is 350 Údarás iomchuí sa tseirbhís phoiblí.

### An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

D'fhéadfaí an "Scéim Aonair," an "Scéim Pinsin Aonair" nó "an Scéim" a thabhairt ar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair sa bhileog faisnéise seo.

### Comhalta Fabhraithe Caighdeánach

Is comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach iad formhór chomhaltaí na Scéime Aonair. Carnann comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach sochair sa Scéim Aonair ag rátaí níos ísle. Tá gnáthaois scoir níos airde acu freisin (66, 67 nó 68 bliain d'aois), agus aois scoir éigeantaigh níos airde (70 bliain d'aois).

### Tréimhse Dílsithe

Is tréimhse ama é tréimhse dílsithe de 24 mí nach mór a bheith caite mar chomhalta Scéime ionas go mbeidh duine incháilithe le haghaidh sochair iomlána Scéime. Ní gá go mbeadh tréimhse 24 mí na Scéime ag teacht i ndiaidh a chéile, cé nach gcuirfear san áireamh, chun críche dílsithe, aon tréimhsí a bhfuarthas aisíocaíocht ranníocaíochta lena n-aghaidh (mura n-aisíoctar na ranníocaíochtaí aisíoctha le hús iolraithe is infheidhme.

### % Patrún Oibre

Féach ar *Coibhéis Lánaimseartha (FTE).*

# Comhaltacht na Scéime

## An comhalta den Scéim mé?

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar an 1 Eanáir 2013. Má thosaigh tú ag obair sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 agus má tá post inphinsin agat, go ginearálta, is í seo an Scéim Pinsin a bheidh ábhartha i do chás féin.

Tá an Scéim seo ábhartha freisin más iar-státseirbhíseach inphinsin tú a thosaíonn ag obair i bpost inphinsin Seirbhíse Poiblí an athuair, ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013, agus má bhí sos de bhreis is 26 seachtain i ndiaidh a chéile idir do phoist seirbhíse poiblí.

Níl feidhm leis an riail seo go ginearálta má bhí tú i do bhall de scéim pinsin Seirbhíse Poiblí a bhí ann roimh 2013 agus má bhí an sos dá dtagraítear thuas cothrom le tréimhse faofa de shaoire gan phá, sos gairme, mar shampla. Ina leithéid sin de chás, leanfadh tú ar aghaidh mar chomhalta de do Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí a bhí ann roimhe seo agus nuair a fhilleann tú ar fhostaíocht i ndiaidh na tréimhse faofa de shaoire gan phá.

Mura bhfuil tú cinnte an comhalta den Scéim Pinsean Aonair thú, ba cheart duit soiléiriú a lorg. B'fhéidir go mbeadh faisnéis tháscach ar do dhuillín pá nó luaite i do Chonradh agus/nó Téarmaí agus Coinníollacha fostaíochta. Beidh d'fhostóir in ann an fhaisnéis seo a dheimhniú mura bhfuil tú cinnte.

## An féidir liom diúltú a bheith páirteach sa Scéim?

Ní féidir. Go ginearálta, is coinníoll fostaíochta é go gceanglaítear ar fhostaithe seirbhíse poiblí a cheaptar i bpost inphinsin agus a chomhlíonann na critéir thuasluaite, a bheith páirteach sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.



# Do ranníocaíochtaí sa Scéim

### Cé mhéad a íocaim?

Ceanglaítear ort ranníocaíochtaí a íoc le haghaidh do chuid sochar faoin Scéim. Is ranníocaíochtaí ar leithligh iad seo agus sa bhreis ar aon Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC) nach mór duit a íoc chomh maith.

Tá dhá chuid i ranníocaíochtaí do Scéime Aonair:

Cuid A + Cuid B = Do ranníocaíochtaí

Braitheann ranníocaíochtaí do Scéime Aonair i ngach tréimhse pá ar do thuilleamh inphinsin agus ar do % patrún oibre.

**Cuimsítear i do ranníocaíocht**

**Cuid A:** 3.3% de d'oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha x % do phatrún oibre

+

**Cuid B:** 4.2% de ghlanluach saothair inphinsin lánaimseartha x % do phatrún oibre

Is éard atá i gceist le **holl-luach saothair inphinsin** do phá inphinsin coibhéis lánaimseartha móide aon liúntais inphinsin faofa.

Is éard atá i gceist le **glanluach saothair inphinsin** do ghlanluach saothair inphinsin lúide dhá oiread luach an Phinsin Ranníocaigh Stáit (CSP) d'aosach singil gan chleithiúnaithe.

Amhail ar an 25 Márta 2019, tá an ráta seachtainiúil CSP cothrom le €248.30. Tá na rátaí reatha CSP le fáil ar www.welfare.ie.

Ná déan dearmad go n-úsáidtear tuilleamh le haghaidh comhalta lánaimseartha chun do ranníocaíochtaí Scéime a ríomh, fiú amháin más ag obair go páirtaimseartha atá tú. Más ag obair go páirtaimseartha atá tú, déantar ranníocaíochtaí a ríomh ar dtús amhail is dá mba rud é gur oibrí lánaimseartha thú agus ansin laghdaítear iad bunaithe ar do % patrún oibre.



1 Faoi réir tairseacha díolúine áirithe, tá gach státseirbhíseach atá i mbun fostaíocht inphinsin faoi dhliteanas Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a íoc óna t(h)uarastal. Is ranníocaíocht pinsin ar leithligh é ASC i gcomparáid leis na ranníocaíochtaí fostaí thuasluaite. Ní thuilltear aon sochair bhreise mar thoradh ar ASC. Baineann an ASC le tuilleamh inphinsin os cionn tairseacha áirithe ag bandaí agus rátaí % difriúla ag brath ar an Scéim Pinsin atá infheidhme i gcás an chomhalta. Tá tuilleadh faisnéise maidir le ASC le fáil i gCiorclán 21 de 2018 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) nó trí theagmháil a dhéanamh le d'fhostóir.

## Roinnt samplaí den tslí a ríomhtar ranníocaíochtaí

Ar na leathanaigh seo a leanas, gheobhaidh tú roinnt samplaí a chabhróidh leat teacht ar thuiscint níos fearr ar conas a ríomhtar ranníocaíochtaí do Scéime Aonair.

Sula mbreathnaíonn tú ar na samplaí seo, ba cheart duit athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis thíos ionas go mbeidh tuiscint níos fearr agat ar gach céim:

### Céim 1 - Ríomh *d'oll-luach saothair inphinsin*

**Oll-luach Saothair Inphinsin** = Is é seo do bhunphá móide aon liúntais inphinsin a d'fhéadfadh a bheith á bhfáil agat.

Ná déan dearmad go n-úsáidtear tuilleamh le haghaidh comhalta lánaimseartha ar dtús chun do ranníocaíochtaí Scéime a ríomh, fiú más ag obair go páirtaimseartha atá tú.

Más comhalta páirtaimseartha thú, is é an bealach is éasca chun an *oll-luach saothair inphinsin* a ríomh amhail is dá mbeifeá ag obair go lánaimseartha:

a. Sonraigh do luach saothair pháirtaimseartha inphinsin iarbhír

b. Roinn figiúr *a* ar do % patrún oibre

### Céim 2 - Cinn *fritháireamh an Phinsin Ranníocaigh Stáit (CSP) atá i bhfeidhm*

Cuirtear dhá oiread luach an CSP san áireamh nuair a bhíonn cuid de do ranníocaíochtaí Scéime á ríomh. Ag brath ar cé chomh minic a íoctar tú (gach seachtain, gach coicís nó gach mí), beidh *méid fhritháireamh CSP* difriúil agat. Asbhaintear an *méid fhritháireamh CSP* seo ó d'oll-luach saothair inphinsin sular ríomhtar do ranníocaíochtaí.

**Fritháirimh CSP ag brath ar mhinicíocht do thréimhse pá**

(bunaithe ar ráta an Phinsin Ranníocaigh Stáit, i Márta 2019, de €248.30 gach seachtain)

Má íoctar **gach mí:** (€12,956.29* x 2) ÷ 12 — €2,159.38 gach mí

Má íoctar **gach coicís:** (€12,956.29 x 2) ÷ 26.09 — € 993.20 gach coicís

Má íoctar **gach seachtain:** (€12,956.29 x 2) ÷ 52.18 — € 496.60 gach seachtain

**(€248.30 x 52.18)*

### Céim 3 - Ríomh do *ghlanluach saothair inphinsin*

Is féidir é seo a dhéanamh trí na céimeanna seo a leanas a leanúint:

a. Déan nóta den *oll-luach saothair inphinsin ó Chéim ⍰*

b. Dealaigh an *fritháireamh CSP ábhartha do do mhinicíocht pá ó Chéim ⍰*

c. Iolraigh an toradh seo faoi do *% patrún oibre*

**Tábhachtach: Sa chéim seo, má tá a lúide b cothrom le luach diúltach, úsáid náid**

### Céim 4 - Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar an bhfoirmle ríofa ranníocaíochta:

**Cuid A:** 3.3% de d'oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha x % do phatrún oibre

+

**Cuid B:** 4.2% de ghlanluach saothair inphinsin lánaimseartha x % do phatrún oibre

Seo thíos roinnt samplaí le haghaidh **comhalta lánaimseartha (Sampla A1) agus comhalta páirtaimseartha (Sampla B1).** Ná déan dearmad, tá na foirmlí agus na céimeanna céanna i gceist le haghaidh gach ceann de na samplaí seo.



**Sampla A1 – Comhalta lánaimseartha**

Tá oll-luach saothair inphinsin bliantúil de €35,000 ag Tomás, a áirítear ann pá inphinsin agus liúntais inphinsin. Tá sé ag obair go lánaimseartha, rud a chiallaíonn go bhfuil a % patrún oibre cothrom le 100%.

Mar a sonraíodh ag **Céim 1** ar leathanach 11, is é an chéad chuid den ríomh:

Déan cinneadh maidir leis an oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha a bheadh i gceist

Tá an t-oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha cothrom le **€35,000 gach bliain**

**Má íoctar Tomás gach mí:**

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 12 mhí: €2,916.67 gach mí

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach mí, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP míosúil cothrom le €2,159.38

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach mí (1-2):

€2,916.67 -€2,159.38 = €757.29 gach mí

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €2,916.67 x 100% = | €96.25 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €757.29 x 100% = | €31.81 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach mí = | **€128.06** |

**Má íoctar Tomás gach coicís:**

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 26.09: €1,341.51 gach coicís

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach coicís, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP coicísiúil cothrom le €993.20

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach coicís (1-2):

€1,341.51 -€993.20 = €348.31 gach coicís

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €1,341.51 x 100% = | €44.27 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €348.31 x 100% = | €14.63 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach coicís = | **€58.90** |

**Má íoctar Tomás gach seachtain:**

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 52.18: €670.75 gach seachtain

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach seachtain, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP seachtainiúil cothrom le €496.60

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach seachtain (1-2):

€670.75 -€496.60 = €174.15 gach seachtain

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €670.75 x 100% = | €22.13 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €174.15 x 100% = | €7.31 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach seachtain = | **€29.44** |

### Sampla B1 – Comhalta páirtaimseartha atá ag obair 60% d'uaireanta lánaimseartha

Tá olltuilleamh inphinsin iarbhír de €21,000 ag Sorcha gach bliain, a áirítear ann pá inphinsin agus liúntais inphinsin. Tá sí ag obair go páirtaimseartha trí lá iomlána sa tseachtain, rud a chiallaíonn go bhfuil **60%** de na huaireanta atá á n-oibriú ag comhghleacaí lánaimseartha á oibriú ag Sorcha agus is fianaise ar an méid sin a tuilleamh.

Mar a tugadh faoi deara ag Céim 1 ar leathanach 11, de bhrí gur comhalta páirtaimseartha í Sorcha, ní mór a *holl-luach saothair inphinsin* coibhéis **lánaimseartha** a ríomh ar dtús:

Déan cinneadh maidir leis an *oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha a bheadh i gceist

**a.** *Oll-luach saothair inphinsin* páirtaimseartha iarbhír gach bliain: €21,000

**b.** *% Patrún Oibre*: 60%

Dá réir sin, tá an *t-oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha cothrom le:

**a ÷ b:** €21,000 ÷ 60% = **€35,000 gach bliain**

#### Má íoctar Sorcha gach mí:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 12 mhí: €2,916.67 gach mí

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach mí, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP míosúil cothrom le €2,159.38

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach mí (1 -2):

€2,916.67 -€2,159.38 = €757.29 gach mí

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €2,916.67 x 60% = | €57.75 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €757.29 x 60% = | €19.08 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach mí = | **€76.83** |

#### Má íoctar Sorcha gach coicís:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 26.09: €1,341.51 gach coicís

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach coicís, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP coicísiúil cothrom le €993.20

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach coicís (1 -2):

€1,341.51 -€993.20 = €348.31 gach coicís

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €1,341.51 x 60% = | €26.56 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €348.31 x 60% = | €8.78 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach coicís = | €35.34 |

#### Má íoctar Sorcha gach seachtain:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €35,000 a ÷ faoi 52.18: €670.76 gach seachtain

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach seachtain, ó leathanach 11, tá an Fritháireamh CSP seachtainiúil cothrom le €496.60

**Céim 3** Glanluach saothair inphinsin gach seachtain (1 -2):

€670.76 -€496.60 = €174.16 gach seachtain

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa ranníocaíochta ar leathanach 11:

| | |
|---|---|
| Cuid A: 3.3% x €670.76 x 60% = | €13.28 |
| | móide |
| Cuid B: 4.2% x €423.29 x 60% = | €4.39 |
| Ranníocaíochtaí iomlána gach seachtain = | €17.67 |



### An bhfaighidh mé faoiseamh cánach ar mo ranníocaíochtaí?

Asbhaineann soláthróir párolla d'fhostóra do ranníocaíochtaí go huathoibríoch gach uair a fhaigheann tú íocaíocht. Tugtar Faoiseamh Cánach ar do ranníocaíochtaí ag an bhfoinse agus baineann sé le ranníocaíochtaí do Scéime Aonair chomh maith leis na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB). Ciallaíonn sé seo go laghdaíonn do ranníocaíochtaí do phá comhlán sula gcuirtear cáin ÍMAT (Íoc mar a Thuillir) i bhfeidhm. Ní gá duit éileamh ar leithligh le haghaidh faoiseamh cánach a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

### Céard a tharlaíonn do mo ranníocaíochtaí pinsin?

Aisíoctar ranníocaíochtaí ó chomhaltaí na Scéime Aonair chuig cuntas rialtais láir agus, comhsheasmhach le formhór na scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, cuirfidh sé le híocaíocht shochair na Scéime Aonair nuair is gá.

### An féidir liom ranníocaíochtaí breise a íoc?

Seo a leanas an rogha atá ag comhalta den Scéim Aonair:

- sochair scoir breise a cheannach laistigh den Scéim Aonair; agus/nó
- sochair scoir atá fabhraithe i Scéimeanna agus CCSPanna eile atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim a aistriú isteach sa Scéim Aonair, <u>seachas ó scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana,</u>

ar fáil go ginearálta, faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe. Maidir le formhór chomhaltaí na Scéime Aonair, tá na mionsonraí leagtha amach i gCiorclán 15/2019. Tá socruithe comhfhreagracha le haghaidh comhaltaí Buan-Óglaigh leagtha amach i gCiorclán 06/2020.

Ag brath ar d'imthosca, b'fhéidir go mbeifeá in ann ranníocaíochtaí deonacha breise a dhéanamh chun socruithe pinsean réamhshocraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim a dheighilt ón chéile (e.g. Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta AVC nó Scéim AVC atá cleamhnaithe le do cheardchumann nó cumann ionadaíoch) más mian leat do shochair scoir a mhéadú go neamhspleách lasmuigh den Scéim Aonair. De bhrí **nach féidir** le d'fhostóir comhairle airgeadais a chur ort maidir le ceannach nó AVCanna, ba cheart duit comhairle airgeadais neamhspleách a lorg.

# Do shochair ón Scéim

### Conas a charnann tú sochair faoin Scéim?

Tá tú i dteideal sochar scoir faoin Scéim má tá an *tréimhse dílsithe* 24 mí curtha i gcrích agat. Féach ar leathanach 28 áit a bhfuil breis faisnéise faoin *tréimhse dílsithe*.

Is féidir leat dhá chineál méid inchurtha a charnadh gach uair a fhaigheann tú íocaíocht fad is gur comhalta den Scéim thú. I ngach tréimhse pá, carnann tú méideanna inchurtha a rachaidh i dtreo do shochair cnapshuime scoir agus méid ar leithligh a rachaidh i dtreo shochar do phinsin scoir.

Do Chnapshuim Scoir + Do Phinsean Scoir = Sochair scoir do Scéime Aonair

Tá na sochair atá iníoctha faoin Scéim Pinsin Aonair ar leithligh, agus sa bhreis, ar aon teidlíocht a d'fhéadfadh a bheith agat amach anseo le haghaidh an Phinsin Ranníocaigh Stáit atá iníoctha ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (Féach leathanach 32).

### Conas a ríomhtar do shochair?

Gach uair a íoctar thú, carntar dhá shochar (ar a dtugtar *méideanna inchurtha*):

#### Do Shochair Chnapshuime

4.29% x *d'oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha* x % do phatrún oibre

#### Do Shochair Phinsin

Tairseach CSP = 3.74 × ráta CSP reatha × do mhinicíocht pá

0.58% x *d'oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha suas go dtí an *Tairseach CSP* **x** *% do phatrún oibre*

móide (más infheidhme)

1.43% x *d'oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha suas go dtí an *Tairseach CSP* **x** *% do phatrún oibre*

Ba cheart duit an fhaisnéis ar an gcéad leathanach eile a athbhreithniú ionas go mbeidh tuiscint níos fearr agat ar gach céim a bhaineann leis na ríomhanna.

### Céim 1 - Ríomh *d'oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha*

Ná déan dearmad go n-úsáidtear tuilleamh le haghaidh comhalta lánaimseartha ar dtús chun do ranníocaíochtaí Scéime a ríomh, fiú más ag obair go páirtaimseartha atá tú.

Más comhalta páirtaimseartha thú, is é an bealach is éasca chun an *oll-luach saothair inphinsin* a ríomh amhail is dá mbeifeá ag obair go lánaimseartha:

a. Sonraigh do luach saothair pháirtaimseartha inphinsin iarbhír

b. Roinn figiúr *a* ar do % patrún oibre

### Céim 2 -Cinn an 3.74 × Tairseach CSP atá i bhfeidhm

Ag brath ar *mhinicíocht do thréimhse pá (íoctha gach seachtain, coicís nó mí), beidh 3.74* × Tairseach CSP difriúil i bhfeidhm.

3.74 × Tairseach CSP ag brath ar mhinicíocht do thréimhse pá (bunaithe ar ráta an Phinsin Ranníocaigh Stáit de €248.30 gach seachtain i Márta 2019)

| | |
|---|---|
| Má íoctar **gach mí:** | €4,038.04 gach mí |
| Má íoctar **gach coicís:** | €1,857.28 gach coicís |
| Má íoctar **gach seachtain:** | € 928.64 gach seachtain |

### Céim 3 - Ríomh cé mhéad, más ábhartha, de d'oll-luach saothair inphinsin ríofa i gCéim 1 a sháraíonn an Tairseach 3.74 × CSP ábhartha

Is féidir é seo a dhéanamh trí na céimeanna seo a leanas a leanúint:

a. Déan nóta den *oll-luach saothair inphinsin ó Chéim 1*

b. Dealaigh an 3.74 × *luach Tairsí CSP ábhartha do do mhinicíocht íocaíochta ó Chéim 2*

**Tábhachtach: Sa chéim seo, má tá *a lúide b* cothrom le luach diúltach, úsáid náid**

### Céim 4 - Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair:

**Do Shochair Chnapshuime**

4.29% x *d'oll-luach saothair inphinsin lánaimseartha* x % do phatrún oibre

**Do Shochair Phinsin**

0.58% x *d'oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha suas go dtí an *Tairseach CSP* x *% do phatrún oibre*

**móide** (más infheidhme)

1.43% x *d'oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha suas go dtí an *Tairseach CSP* x *% do phatrún oibre*

Ar na leathanaigh seo a leanas, gheobhaidh tú roinnt samplaí a chabhróidh leat teacht ar thuiscint níos fearr ar conas a ríomhtar do shochair.

### Sampla A2 – Comhalta lánaimseartha

Tá oll-luach saothair inphinsin bliantúil de €49,000 ag Tomás, a áirítear ann pá inphinsin agus liúntais inphinsin. Tá sé ag obair go lánaimseartha, rud a chiallaíonn go bhfuil a % patrún oibre cothrom le 100%.

Mar a sonraíodh ag **Céim 1** ar ar leathanach 17, is é an chéad chuid den ríomh:

Déan cinneadh maidir leis an *oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha a bheadh i gceist

Tá ant-*oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha cothrom le **€49,000 gach bliain**

#### Má íoctar Tomás gach mí:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil thuas de €49,000 a ÷ faoi 12 mhí: €4,083.33 gach mí

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach mí, ó leathanach 17, tá an 3.74 míosúil x Tairseach CSP cothrom le €4,038.04

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€4,083.33 - €4,038.04 = €45.29

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 22:

**Sochar Cnapshuime carntha gach mí**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €4,083.33 x 100% = | €175.17 |

**Sochar Pinsin carntha gach mí**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €4,038.04 x 100% = | €23.42 |
| | móide |
| 1.43% x € 45.29 x 100% = | €0.65 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€24.07** |

#### Má íoctar Tomás gach coicís:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil de €49,000 a ÷ faoi 26.09: €1,878.11 gach coicís

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach coicís, ó leathanach 17, tá an 3.74 coicísiúil x Tairseach CSP cothrom le €1,857.28

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€1,878.11 - €1,857.28 = €20.83

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 17:

**Sochar Cnapshuime carntha gach coicís**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €1,878.11 x 100% = | €80.57 |

**Sochar Pinsin carntha gach coicís**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €1,857.28 x 100% = | €10.77 |
| | móide |
| 1.43% x €20.83 x 100% = | €0.30 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€11.07** |

#### Má íoctar Tomás gach seachtain:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil de €49,000 a ÷ faoi 52.18: €939.05 gach seachtain

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach seachtain, ó leathanach 17, tá an 3.74 seachtainiúil x Tairseach CSP cothrom le €928.64

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€939.05 - €928.64 = €10.41

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 17:

**Sochar Cnapshuime carntha gach seachtain**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €939.05 x 100% = | €40.28 |

**Sochar Pinsin carntha gach seachtain**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €928.64 x 100% = | €5.39 |
| | móide |
| 1.43% x €10.41 x 100% = | €0.15 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€5.54** |

### Sampla B2 – Comhalta páirtaimseartha atá ag obair 60% d'uaireanta lánaimseartha

Tá olltuilleamh inphinsin iarbhír de €30,000 ag Sorcha gach bliain. Tá sí ag obair go páirtaimseartha trí lá iomlána sa tseachtain, rud a chiallaíonn go bhfuil **60%** de na huaireanta atá á n-oibriú ag comhghleacaí lánaimseartha á oibriú ag Sorcha agus is fianaise ar an méid sin a tuilleamh.

Mar a tugadh faoi deara ag **Céim 1** ar leathanach 17, de bhrí gur comhalta páirtaimseartha í Sorcha, ní mór a *holl-luach saothair inphinsin coibhéis* **lánaimseartha** a ríomh ar dtús:

Déan cinneadh maidir leis an *oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha a bheadh i gceist

**a.** *Oll-luach saothair inphinsin* páirtaimseartha iarbhír gach bliain: €30,000

**b.** *% Patrún Oibre*: 60%

Dá réir sin, tá an *t-oll-luach saothair inphinsin* lánaimseartha cothrom le:

**a ÷ b:** €30,000 ÷ 60% = **€50,000 gach bliain**

#### Má íoctar Sorcha gach mí:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil de €50,000 a ÷ faoi 12 mhí: €4,166.67 gach mí

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach mí, ó leathanach 17, tá an 3.74 x Tairseach CSP míosúil cothrom le €4,038.04

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€4,166.67 -€4,038.04 = €128.63

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 17:

**Sochar Cnapshuime carntha gach mí**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €4,166.67 x 60% = | €107.25 |

**Sochar Pinsin carntha gach mí**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €4,038.04 x 60% = | €14.05 |
| | móide |
| 1.43% x €128.63 x 60% = | € 1.10 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€15.15** |

#### Má íoctar Sorcha gach coicís:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil de €50,000 a ÷ faoi 26.09: €1,916.44 gach coicís

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach coicís, ó leathanach 17, tá an 3.74 x Tairseach CSP coicísiúil cothrom le €1,857.28

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€1,916.44 - €1,857.28 = €59.16

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 17:

**Sochar Cnapshuime carntha gach coicís**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €1,916.44 x 60% = | €49.32 |

**Sochar Pinsin carntha gach coicís**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €1,857.28 x 60% = | €6.46 |
| | móide |
| 1.43% x €59.16 x 60% = | €0.51 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€6.97** |

#### Má íoctar Sorcha gach seachtain:

**Céim 1** Déantar an figiúr bliantúil de €50,000 a ÷ faoi 52.18: €958.22 gach seachtain

**Céim 2** De bhrí go bhfaightear íocaíocht gach seachtain, ó leathanach 17, tá an 3.74 x Tairseach CSP seachtainiúil cothrom le €928.64

**Céim 3** Oll-luach saothair inphinsin a sháraíonn an 3.74 × Tairseach CSP (1 - 2):

€958.22 - €928.64 = €29.58

**Céim 4** Cuir do fhreagraí i bhfeidhm ar na foirmlí ríofa sochair ar leathanach 17:

**Sochar Cnapshuime carntha gach seachtain**

| | |
|---|---|
| 4.29% x €958.22 x 60% = | €24.66 |

**Sochar Pinsin carntha gach seachtain**

| | |
|---|---|
| 0.58% x €928.64 x 60% = | €3.23 |
| | móide |
| 1.43% x €29.58 x 60% = | €0.25 |
| Sochar Pinsin Iomlán = | **€3.48** |



GARDA

### Conas a dhéantar do shochair a athluacháil le himeacht ama?

Áirítear sa Scéim go gcarnann tú sochair i rith thréimhse iomlán do chomhaltachta sa Scéim. Ceadaíonn struchtúr na Scéime méideanna carntha i mblianta roimhe seo a athluacháil nó a choigeartú de réir *boilsciú* (arna dtomhas bunaithe ar na méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) atá curtha i dtoll a chéile ag an bPríomh-Oifig Staidrimh).

Is ionann boilsciú, i mbeagán focal, agus an t-athrú a thagann ar chostas earraí nó seirbhísí (costas bainne, bearradh gruaige, etc.) ó bhliain go bliain. Déanann An Phríomh-Oifig Staidrimh an ráta boilscithe bliantúil a thomhas go hoifigiúil.

**Boilsciú le himeacht ama**





Chosain lítear bainne 53 cent in 2002 i gcomparáid le 79 cent in 2019.

Beidh sé riachtanach do shochair a choigeartú chun an boilsciú dearfach a chur san áireamh ach *ní* dhéanfar é a choigeartú anuas má tá boilsciú diúltach (díbhoilsciú) i gceist.

**Tá mionsonraí na rátaí iomchuí CPI a raibh tionchar acu ar an Scéim seo go dtí seo le fáil sna Ciorcláin agus sa Reachtaíocht ar www.singlepensionscheme.gov.ie**

Léirítear anseo thíos an bealach ina gcuirtear CPI i bhfeidhm faoi Scéim:




### Sampla

I Sampla A2 ar leathanach 23 bhí Tomás ag tuilleamh sochar cnapshuime nó méid inchurtha de €175.17 le haghaidh gach mí a raibh íocaíocht á fáil aige. Murar athraigh a thuilleamh nó a *% patrún oibre* i rith na bliana, seo a leanas an chuma a bhí ar chúrsaí ag deireadh a chéad bhliana sa Scéim:

**Sochair Chnapshuime:** €175.17 gach mí x 12 = **€2,102.04 ag deireadh Bhliain 1**

Taispeántar sa tábla thíos roinnt figiúirí samplacha *CPI* thar thréimhse 5 bliana. Ní mór a thabhairt faoi deara gur chun críche léiriúcháin amháin iad na figiúirí seo.

| Bliain | CPI |
|---|---|
| 1 | 1.00% |
| 2 | 1.50% |
| 3 | -0.10% |
| 4 | 1.00% |
| 5 | 2.00% |

**Ar feadh na mblianta, nuair atá an CPI bliantúil diúltach, glactar leis go bhfuil an CPI cothrom le náid i.e. ní laghdaítear an carnadh sochar**

Agus úsáid á baint as na figiúirí *CPI* sa tábla thuas, agus ag glacadh leis gur cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe CPI a chur i bhfeidhm ar mhéideanna sochair a bhí carntha cheana féin sna blianta roimhe sin, is féidir leat léargas a fháil ar conas a coigeartaíodh **Sochair Chnapshuime Bhliain 1** Thomáis sna blianta idir Bliain 2 agus Bliain 5 chun na hathruithe ar *CPI* i rith an ama sin a chur san áireamh.

| | |
|---|---|
| **Ag deireadh Bhliain 1** | Bhí cnapshuim de €2,102.04 carntha ag Tomás.<br>Ní dhéantar aon choigeartú don bhliain ina gcarntar na sochair. |
| **Ag deireadh Bhliain 2** | Tá CPI cothrom le 1.50% do Bhliain 2. Ag deireadh Bhliain 2, méadaítear Cnapshuim Bhliain 1 Thomáis 1.50%<br>i.e. €2,102.04 + 1.50% = €2,133.57 |
| **Ag deireadh Bhliain 3** | Tá CPI cothrom le -0.10% do Bhliain 3. Glactar leis go bhfuil CPI cothrom le 0%. Dá réir sin, ag deireadh Bhliain 3, ní dhéantar aon choigeartú ar Chnapshuim Bhliain 1 Thomáis agus fanann sé ag €2,133.57. |
| **Ag deireadh Bhliain 4** | Tá CPI cothrom le 1.00% do Bhliain 4. Ag deireadh Bhliain 4, méadaítear Cnapshuim Bhliain 1 Thomáis 1.00%<br>i.e. €2,133.57 + 1.00% = €2,154.90 |
| **Ag deireadh Bhliain 5** | Tá CPI cothrom le 2.00% do Bhliain 5. Ag deireadh Bhliain 5, méadaítear Cnapshuim Bhliain 1 Thomáis 2.00%<br>i.e. €2,154.90 + 2.00% = €2,197.99 |

Is féidir linn achoimre a dhéanamh ar luach **shochair Chnapshuime Bhliain 1** Thomáis ag deireadh Bhliain 5 sa tábla thíos:

| Coigeartuithe faofa CPI | | n/b | 1.50% | 0.00% | 1.00% | 2.00% |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Tuilleamh €** | **Deireadh Bhliain 1** | **Deireadh Bhliain 2** | **Deireadh Bhliain 3** | **Deireadh Bhliain 4** | **Deireadh Bhliain 5** |
| **1** | 49,000 | **2,102.04** | 2,133.57 | 2,133.57 | 2,154.90 | **2,197.99** |

**Is é seo an chéad Chnapshuim Bhliain 1 atá carntha ag Tomás**

**Ag deireadh Bhliain 5, bhí luach Chnapshuim Bhliain 1 Thomáis méadaithe ó €2,102.04 go dtí €2,197.99 mar gur coigeartaíodh é ionas go mbeadh sé ag teacht le boilsciú**

Le cois shochar Cnapshuime Bhliain 1 a bhí carntha ag Tomás i mBliain 1, dá mba rud é gur lean sé air mar chomhalta gníomhach den Scéim do Bhliain 2, Bliain 3, Bliain 4 agus Bliain 5, leanfadh sé air ag carnadh sochar le haghaidh na mblianta sin a rachadh coigeartuithe CPI chun tairbhe dóibh freisin sna blianta i ndiaidh iad a charnadh.

Léirítear sa Tábla thíos:

- Conas a leanann méideanna shochar Cnapshuime Thomáis ag carnadh bliain i ndiaidh bliana
- Conas a dhéantar méideanna shochar Cnapshuime Thomáis a athluacháil, de réir na n-athruithe CPI, chun boilsciú a chur san áireamh.



I gcás an tsampla seo, d'oibrigh Tomás go lánaimseartha gach bliain agus mhéadaigh a thuarastal bliantúil i rith na tréimhse 5 bliana seo freisin.

| Coigeartuithe faofa CPI | | | n/b | 1.50% | 0.00% | 1.00% | 2.00% |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Tuarastal Bliantúil | Ráta Fabhraithe Cnapshuime | Deireadh Bhliain 1 | Deireadh Bhliain 2 | Deireadh Bhliain 3 | Deireadh Bhliain 4 | Deireadh Bhliain 5 |
| 1 | 49,000 | @ 4.29% | **2,102.10** | 2,133.57 | 2,133.57 | 2,154.90 | 2,197.99 |
| 2 | 49,500 | @ 4.29% | | **2,123.55** | 2,123.55 | 2,144.78 | 2,187.67 |
| 3 | 51,000 | @ 4.29% | | | **2,187.90** | 2,209.77 | 2,253.96 |
| 4 | 51,500 | @ 4.29% | | | | **2,209.35** | 2,253.53 |
| 5 | 52,000 | @ 4.29% | | | | | **2,230.80** |
| **Luach an tSochair Cnapshuime ag deireadh gach bliana** | | | **€2,102.10** | **€4,257.12** | **€6,445.02** | **€8,718.80** | **€11,123.95** |

Tugtar léargas thuas ar conas a dhéantar méideanna cnapshuime carntha Thomáis a athluacháil le himeacht ama. Baintear leas as an gcur chuige céanna nuair a bhíonn athluacháil á déanamh le himeacht ama ar mhéideanna pinsin carntha Thomáis.

Dá mba rud é go ndeachaigh Tomás ar scor ag deireadh Bhliain 5 ag a Ghnáthaois Scoir, ba é seo an luach a bheadh luaite lena chnapshuim aonuaire

**Remember,** Ná déan dearmad, tá do shochair scoir iníoctha leat má tá an *tréimhse dílsithe* 24 mí curtha i gcrích agat agus má chomhlíonann tú na coinníollacha cáilithe eile e.g. a bheith i mbun oibre go dtí do ghnáthaois scoir. Féach ar leathanach 28 áit a bhfuil tuilleadh faisnéise faoi *thréimhse dílsithe* na Scéime agus faoin ngnnáthaois scoir.

# Céard a tharlaíonn má athraíonn d’uaireanta oibre?

De bhrí go ríomhtar do ranníocaíochtaí pinsin agus sochar scoir bunaithe ar do luach saothair inphinsin i ngach tréimhse pá, beidh tionchar ag aon athrú ar d’uaireanta oibre ar do luach saothair inphinsin agus ar cé méad ranníocaíochtaí a íocann tú agus ar na sochair scoir a fhaigheann tú.

Tá ríomhanna samplacha a léiríonn an t-athrú a thiocfaidh ar do ranníocaíochtaí pinsin le feiceáil ar leathanach 10.

Tá ríomhanna samplacha a léiríonn an t-athrú a d’fhéadfadh teacht ar do ranníocaíochtaí scoir le feiceáil ar leathanach 16.



# Céard a tharlaíonn má tá dhá fhostaíocht seirbhíse poiblí inphinsin nó níos mó agat?

Sonraítear i rialacha na Scéime má tá tú ag obair in dhá phost seirbhíse poiblí inphinsin nó níos mó ag an am céanna, nach féidir le luach comhcheangailte shochair ranníocaíochtaí fabhraithe na Scéime Aonair asbhainte a bheith cothrom le fostaíocht lánaimseartha amháin.



# Sochair a aistriú ó fhostaíochtaí eile

### An féidir liom sochair a aistriú ó fhostaíochtaí a bhí agam sa tseirbhís phríobháideach roimhe seo?

Go ginearálta, beidh rogha ag comhalta de Scéim Aonair sochair a aistriú ó scéimeanna pinsean na hearnála príobháidí nó socruithe cleamhnaithe, faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe. Maidir le formhór chomhaltaí na Scéime Aonair, tá na mionsonraí leagtha amach i gCiorclán 15/2019. Tá socruithe comhfhreagracha le haghaidh comhaltaí Buan-Óglaigh leagtha amach i gCiorclán 06/2020.

### Céard a tharlaíonn má tá sochair agam ó fhostaíochtaí seirbhíse poiblí a bhí agam roimhe seo?

Má tá sochair agat ó fhostaíochtaí a bhí agat roimhe seo faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí Roimh-2013, ní féidir leat na sochair seo a aistriú chuig an Scéim Aonair. Leanfar le sochair den sórt sin a riaradh ar leithligh.

Má tá sochair iarchurtha agat faoin Scéim Aonair ó fhostaíocht Scéime Aonair roimhe seo, ní gá duit "aistriú" na sochar Scéime Aonair seo a eagrú. Is amhlaidh atá mar go bhfuil an Scéim Aonair i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí. I láthair na huaire, ní dhéantar sochair na Scéime Aonair a chomhdhlúthú ach le d'fhostóir Scéime Aonair is déanaí nuair a fhaigheann tú bás nó nuair a théann tú ar scor. Seachas sin, i láthair na huaire, tá d'iar-fhostóir(í) freagrach as riaradh do shochar Scéime Aonair carntha i rith d'fhostaíocht(aí) roimhe seo.



# Céard a tharlaíonn má bhíonn mé as láthair ón obair?

Ag brath ar an gcineál neamhláithreachta ón obair, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar do ranníocaíochtaí agus/nó ar do shochair.

### Neamhláithreacht Fhaofa Íoctha

Má fhaigheann tú, i rith neamhláithreacht fhaofa ón obair, luach saothair inphinsin (cosúil le sochar máithreachais/sochar atharthachta) agus má tá ranníocaíochtaí scéime á n-íoc agat, leanfaidh tú ar aghaidh ag carnadh sochar scoir faoin Scéim. Déan teagmháil le d'fhostóir mura bhfuil tú cinnte an bhfuil neamhláithreacht íoctha inphinsin nó nach bhfuil.

### Neamhláithreacht Neamhíoctha

I rith neamhláithreacht neamhíoctha atá faofa ag fostóir (cosúil le Sos Gairme nó tréimhse de shaoire speisialta neamhíoctha), ní íocann tú aon ranníocaíochtaí nó ní charnann tú aon sochair i ndáil leis an tréimhse sin. Leanfaidh tú ar aghaidh, áfach, ag tuilleamh ama do thréimhse dílsithe 24 mí na Scéime mura bhfuil tú dílsithe sa scéim cheana féin nuair a ghlacann tú tréimhse neamhláithreachta neamhíoctha.

### Saoire Bhreoiteachta

Braitheann socruithe saoire bhreoiteachta ar d'fhostóir seirbhíse poiblí. Má theastaíonn faisnéis uait, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir. Go háirithe, agus mar atá mínithe in Acht 2012, d'fhéadfadh go mbeadh socruithe difriúla maidir le saoire bhreoiteachta agus urscaoileadh leighis i gcás phearsanra PDF.

### Saoire Bhreoiteachta ag an Ráta Iomlán Pá

Go ginearálta, má tá tú as láthair ón obair agus má tá pá iomlán saoire bhreoiteachta á fáil agat, déanfar do ranníocaíochtaí agus sochair scoir a ríomh amhail is dá mba rud é nach raibh tú ar saoire bhreoiteachta.

### Saoire Bhreoiteachta ag Leathráta Pá

Go ginearálta, má tá tú ar saoire bhreoiteachta leathphá, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéantar do ranníocaíochtaí agus sochair scoir a ríomh ar an ngnáthbhealach, i.e. bunaithe ar do luach saothair lánaimseartha amhail is nach raibh tú ar saoire bhreoiteachta leathphá.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le conas a chaitear le/a riartar saoire bhreoiteachta faoin Scéim Aonair le fáil i gCiorclán 3 de 2017 ag www.singlepensionscheme.gov.ie nó trí theagmháil a dhéanamh le d'fhostóir.

### Saoire Bhreoiteachta agus Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) a fháil

Go ginearálta, má tá do theidlíochtaí saoire bhreoiteachta ar fad úsáidte agat (e.g. 3 mhí pá iomlán agus 3 mhí leathphá i dtréimhse rollach 4 bliana), d'fhéadfadh d'fhostóir sochar Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin a íoc leat. Mar atá luaite cheana féin, d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i socruithe saoire bhreoiteachta ag brath ar d'fhostóir seirbhíse poiblí.

Ní fhabhraíonn tú sochair scoir faoin Scéim Singil, agus ní íocann tú ranníocaíochtaí, le haghaidh aon tréimhse a bhfuil Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin á fáil agat.

Tá breis faisnéise faoi Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) le fáil i gCiorclán 6 de 2014 ag www.circulars.gov.ie nó déan teagmháil le d'fhostóir.

# Do shochair nuair a fhágann tú fostaíocht

### Céard a tharlaíonn má fhágaim m'fhostaíocht?

Má fhágann tú d'fhostaíocht, seachas mar thoradh ar scor nó bás, braithfidh na sochair a bhfaighidh tú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil Tréimhse na Scéime Dílsithe curtha i gcrích agat.

### Céard é Tréimhse na Scéime Dílsithe?

Is é seo an t-íosmhéid ama nach mór a bheith caite agat i bhfostaíocht inphinsin mar chomhalta Scéime sula mbeidh tú cáilithe le haghaidh shochair scoir na Scéime Aonair. 24 mí ar fad atá i gceist i *dtréimhse dílsithe* na Scéime Aonair.

Ní chuirtear do phatrún oibre (i.e. lánaimseartha nó páirtaimseartha) san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil an tréimhse dílsithe curtha i gcrích agat. Ciallaíonn sé seo, beag beann ar líon na n-uaireanta a d'oibrigh tú ar lá ar leith, go gcuirtear é san áireamh chun críocha dílsithe.

Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh maidir lena bhfuil tréimhse dílsithe na Scéime Aonair curtha i gcrích agat, ní mór do d'fhostóir aon tréimhsí roimhe sin de chomhaltacht sa Scéim Aonair a bhain le fostóirí seirbhíse poiblí eile a chur san áireamh.

| Fostaíocht Scéime Aonair le haghaidh níos lú ná 24 mí | Fostaíocht Scéime Aonair le haghaidh 24 mí nó níos mó |
|---|---|
| ✗ Neamhdhílsithe | ✓ Dílsithe |

Má fuair tú aisíocaíocht ranníocaíochtaí ón Scéim roimhe seo, tabhair faoi deara nach gcuirtear an tréimhse ama a raibh tú i do chomhalta den Scéim a bhaineann leis an aisíocaíocht a íocadh leat san áireamh chun críche na tréimhse dílsithe. In imthosca áirithe, is féidir leat aisíocaíocht a aisíoc, agus na sochair agus an t-am a bhí agat roimhe sin a athshlánú le haghaidh do thréimhse athshlánaithe. Féach ar leathanach 29 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le cáilitheacht chun aisíocaíochtaí roimhe seo a aisíoc.

### Céard a tharlaíonn má bhí tú i do chomhalta den Scéim le haghaidh 24 mí nó níos mó?

Más rud é, ar fhágáil d'fhostaíochta, go raibh tú i do chomhalta den Scéim le haghaidh 24 mí nó níos mó ní cheadaítear duit aisíoc do ranníocaíochtaí a éileamh de bhrí gur comhalta dílsithe den scéim thú anois. Má tá an tréimhse dílsithe curtha i gcrích agat, áfach, beidh cnapshuim agus íocaíocht pinsin iníoctha láithreach nuair a théann tú ar scor:

- ó na Buan-Óglaigh má bhíonn tú ag obair go dtí go sroicheann tú 50 bliain; nó
- má bhíonn tú ag obair go dtí go sroicheann tú 55 bliain más Garda, Oifigeach Príosúin nó Comhraiceoir Dóiteáin lánaimseartha thú; nó
- beag beann ar aois, má dhéantar thú a urscaoileadh nó a scor go héigeantach ar fhorais leighis ó aon cheann de na fostaíochtaí seo (féach ar leathanach 32 le haghaidh tuilleadh faisnéise).

Seachas sin, má fhágann tú aon cheann de na fostaíochtaí seo roimh do ghnáthaois scoir, go ginearálta níl sochair scoir iníoctha ach nuair a shroicheann tú d'aois Fabhraithe Tapa iarchurtha (Faoi Éide), atá nasctha le haois an Phinsin Ranníocaigh Stáit de 66/68 *(féach ar leathanach 33 le haghaidh tuilleadh faisnéise)*.

I gcás eisceachtúil, áfach, tá sochair iarchurtha iníoctha ó aois 60 le comhaltaí áirithe Buan-Óglaigh (PDF) na Scéime, má dhéantar iad, gan aon locht a bheith orthu féin, a urscaoileadh nó a scor go héigeantach ar fhorais pholasaí Acmhainní Daonna (AD) (seachas ar fhorais leighis*) sula sroicheann siad 50 bliain d'aois. Bheadh sé seo i gceist, mar shampla, i gcás comhaltaí PDF a gceanglaítear orthu, faoina gconarthaí seirbhíse nó téarmaí agus coinníollacha, a bheith urscaoilte go héigeantach nuair a bheidh tréimhse shonrach seirbhíse curtha i gcrích acu sula mbíonn 50 bliain d'aois slánaithe acu.

### Céard a tharlaíonn má bhogaim ó phost seirbhíse poiblí amháin go post seirbhíse poiblí eile?

Má tá ranníocaíochtaí íoctha agat le haghaidh níos mó ná 24 mí mar chomhalta Scéime agus má tá post seirbhíse poiblí amháin á fhágáil agat chun tabhairt faoi fhostaíocht inphinsin le fostóir seirbhíse poiblí Scéime Aonair eile, leanfaidh do chomhaltacht sa Scéim sin leis an bhfostóir sin. Ní bheidh ort tús a chur leis an Tréimhse Dílsithe arís. Ba cheart duit, áfach, an méid sin a chur in iúl don fhostóir a bhí agat roimhe seo agus do d'fhostóir nua.

### Céard a tharlaíonn má bhí íocaíochtaí sa Scéim á ndéanamh agat le haghaidh níos lú ná 24 mí?

Níl aon tionchar ag an tréimhse ina n-íoctar ranníocaíochtaí Scéime ar stádas dílsithe. (Braitheann stádas dílsithe ar an tréimhse ama a chaitheann tú mar chomhalta den Scéim Aonair a áirítear inti tréimhsí de shaoire neamhíoctha).

Má fhágann tú post inphinsin seirbhíse poiblí sula mbíonn an tréimhse dílsithe curtha i gcrích agat, b'fhéidir go mbeidh tú cáilithe chun aisíocaíocht na ranníocaíochtaí asbhainte a fháil.

### Conas is féidir liom aisíocaíocht na ranníocaíochtaí a d'íoc mé a fháil?

Más rud é, faoi d'fhostaíocht is déanaí, go bhfuil tú cáilithe chun aisíocaíocht a fháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir sin agus cuirfidh an fostóir sin sonraí ar fáil duit maidir le conas iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht na ranníocaíochtaí a d'íoc tú. Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil do sheoladh comhfhreagrais is déanaí ag d'fhostóir is déanaí agus ba cheart duit a chur in iúl don fhostóir sin má tá sé beartaithe agat tabhairt faoi fhostaíocht inphinsin in áit éigin eile sa tseirbhís phoiblí. Ní eisíonn d'fhostóir aisíocaíocht na ranníocaíochtaí íoctha go huathoibríoch sa chás nach bhfuil tú dílsithe sa Scéim. Is ortsa atá an dualgas iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht ó d'fhostóir sa chás go bhfuil tú cáilithe chun é sin a dhéanamh.

### Céard a tharlaíonn má fhaighim bás i ndiaidh dom m'fhostaíocht a fhágáil?

#### Níos lú ná 24 mí mar chomhalta den Scéim

Má tá críoch curtha agat le d'fhostaíocht ach nach bhfuil 24 mí *Thréimhse Dílsithe na Scéime* curtha i gcrích agat, níl aon sochar báis iníoctha faoin Scéim. Mura bhfuil na ranníocaíochtaí atá íoctha agat aisíoctha cheana féin bheadh siad sin in-aisíoctha.

#### 24 mí nó níos mó mar chomhalta den Scéim

Má chuireann tú críoch le d'fhostaíocht agus má tá 24 mí *Thréimhse Dílsithe na Scéime* curtha i gcrích agat, agus má fhaigheann tú bás ina dhiaidh sin sula mbíonn tú cáilithe le haghaidh do shochar scoir faoin Scéim, is iondúil go mbíonn sochar aonuaire Aisce Báis iníoctha le d'ionadaí pearsanta dlíthiúil atá freagrach as riaradh do ghnóthaí i ndiaidh do bháis. Ar leithligh, d'fhéadfadh go mbeadh Pinsean Céile/Páirtí Sibhialta marthanach agus/nó Pinsean/Pinsin Leanaí iníoctha le tairbhithe cáilithe chomh maith. Tugtar pinsin "Marthanóirí" ar phinsin Céile/Páirtí Sibhialta chomh maith.

Is í an aisce báis iníoctha méid inchurtha na cnapshuime atá carntha agat mar chomhalta den Scéim Pinsin Aonair, lúide aon chnapshuim eile a d'fhéadfadh a bheith íoctha leat ón Scéim Aonair nó Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí a bhí ann roimhe seo.

D'fhéadfaí pinsean marthanóra a íoc le do chéile / páirtí sibhialta freisin. Tá an méid iníoctha cothrom le leath de mhéid inchurtha an phinsin atá carntha agat mar chomhalta den Scéim.

D'fhéadfadh go mbeadh leanbh cáilithe, cáilithe freisin chun pinsean leanaí a fháil sa chás go bhfaigheann tú bás chomh fada is go gcomhlíonann sé/sí an sainmhíniú atá luaite le leanbh cáilithe, go ginearálta leanbh faoi 16 bliain d'aois, nó i mbun oideachas lánaimseartha agus faoi 22 bliain d'aois, nó buanéagumasaithe.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Sochair Báis le fáil sa Chiorclán ábhartha nó sna Treoirlínte atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie nó ó d'fhostóir.

### An féidir liom mo shochair a aistriú chuig socrú pinsin eile?

Ní féidir. I láthair na huaire, ní cheadaíonn an Scéim aistrithe amach chuig socruithe pinsin eile.

### Céard a tharlaíonn má ghlacaim páirt sa Scéim Aonair arís am éigin amach anseo?

Má ghlacann tú páirt sa Scéim Aonair arís laistigh de 24 ó d'fhostaíocht deiridh Scéime Aonair a fhágáil, agus má fuair tú aisíocaíocht ranníocaíochtaí Scéime Aonair a bhí íoctha agat roimhe seo, is féidir leat iarratas a chur chuig d'fhostóir do Scéime Aonair reatha chun do shochair a athshlánú tríd an méid aisíoctha a aisíoc, ús iolraithe san áireamh.

Trí ranníocaíochtaí aisíoctha de chuid Scéim Aonair roimhe seo a aisíoc le hús iolraithe, cuirfear seirbhís chomhfhreagrach na Scéime Aonair san áireamh i dtréimhse dílsithe na Scéime Aonair.

Nuair a ghlacann tú páirt sa Scéim an athuair, tá tú cáilithe chun aisíocaíocht na Scéime Aonair a rinneadh roimhe seo a aisíoc agus cinneadh a dhéanamh gan é sin a dhéanamh nó níl tú cáilithe chun é sin a dhéanamh, rud a chiallaíonn nach gcuirfear an tseirbhís atá curtha i gcrích agat i ndáil le tréimhse dílsithe na Scéime Aonair san áireamh ach ón uair ar chuir tú tús le d'fhostaíocht Scéime Aonair is déanaí.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le cáilitheacht chun aisíocaíocht Scéime Aonair roimhe seo a aisíoc, agus an costas a bhainfeadh lena leithéid, le fáil ó d'fhostóir.



# Do chuid sochar nuair a théann tú ar scor

### Céard é mo ghnáthaois scoir le haghaidh íocaíocht sochar scoir láithreach?

Braithfidh do *ghnáthaois scoir* Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) le haghaidh íocaíocht sochar scoir láithreach faoin Scéim ar cé hé/hé d'fhostóir.-

Má tá an tréimhse dílsithe curtha i gcrích agat, beidh cnapshuim agus íocaíocht pinsin iníoctha láithreach nuair a théann tú ar scor:

- ó na Buan-Óglaigh má bhíonn tú ag obair go dtí go sroicheann tú 50 bliain; nó
- má bhíonn tú ag obair go dtí go sroicheann tú 55 bliain más Garda, Oifigeach Príosúin nó Comhraiceoir Dóiteáin lánaimseartha thú; nó
- beag beann ar aois, má dhéantar thú a urscaoileadh nó a scor go héigeantach ar fhorais leighis ó aon cheann de na fostaíochtaí seo (féach ar leathanach 32 le haghaidh tuilleadh faisnéise).

### An féidir liom fanacht i mo chomhalta Scéime tar éis mo ghnáthaois scoir le haghaidh íocaíocht sochar scoir láithreach.

Go ginearálta, ní cheadaítear do chomhaltaí d'fhostaíochtaí fabhraithe tapa (faoi éide) fanacht ina gcomhaltaí Scéime i ndiaidh an aois scoir éigeantaigh (nó uasteorainn seirbhíse) don phost.

### Conas a ríomhtar mo shochair scoir deireanacha?

Ríomhtar do shochair scoir bunaithe ar do *luach saothair inphinsin* i ngach tréimhse pá thar do ghairm seirbhíse poiblí inphinsin iomlán. (Tá samplaí le fáil ar leathanach 18 agus 19).

Go hiondúil, déantar é seo tríd an gcnapshuim iomlán agus na méideanna pinsin atá carntha agat i rith do chomhaltachta sa Scéim Aonair a shuimiú. D'áireofaí sna sochair iníoctha aon mhéaduithe CPI a cuireadh i bhfeidhm i rith na mblianta roimhe sin. Tá samplaí le fáil idir leathanach 21 agus 23.

### An bhfuil uasteorainn luaite le mo shochair scoir?

Ní chuireann an Scéim Aonair caidhp ar an méid ama ar féidir le comhaltaí méideanna inchurtha a fhabhrú (éagsúil leis an gcaidhp seirbhíse 40 bliain atá i gceist sna scéimeanna a bhí ann roimhe seo de ghnáth). Ina theanna sin, ní chuireann an Scéim caidhp ar luach airgid pinsean státseirbhíseach poiblí "faoi éide" (Gardaí, pearsanra Buan-Óglaigh, Oifigigh Phríosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha).

Foráiltear i rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim, áfach, le haghaidh caidhp ar uasluach na sochar scoir is féidir le haon duine a charnadh sula mbíonn cánachas breise i bhfeidhm ón 7 Nollaig 2005 ar aghaidh. An Tairseach Ciste Chaighdeánach (SFT) a thugtar air seo agus tá sé cothrom le €2 mhilliún ag an dáta foilsithe. Sular féidir leat do shochair a fháil nuair a théann tú ar scor, beidh ort sonraí aon sochar scoir eile a sholáthar do d'fhostóir, beag beann ar cibé an sochair phinsin seirbhíse poiblí nó sochair phinsin seirbhíse neamhphoiblí iad. Is amhlaidh atá ionas gur féidir le d'fhostóir a mheas cibé an sáraíonn nó nach sáraíonn do shochar an Tairseach Ciste Chaighdeánach (SFT).

Má sháraíonn luach do shochar scoir iomlán an SFT, agus mura bhfuil Tairseach Ciste Phearsanta tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim duit, beidh dliteanas cánach i gceist ar an méid sa bhreis ar SFT ag an bpointe scoir. B'fhéidir go gceanglófar ar d'fhostóir aon cháin dlite ar luach do shochar sa bhreis ar an SFT a asbhaint sula gcuirtear do shochair Scéime ar fáil duit. Ansin, gearrfar cáin ar do phinsean amhail is gur ioncam tuillte é faoin gcóras ÍMAT. Tabhair faoi deara, go mbeidh cáin á gearradh ag an ráta caighdeánach ar luach comhcheangailte do chnapshuimeanna scoir ar fad atá cothrom le níos mó ná €200k (ag an tráth foilsithe).

Ba cheart duit a thabhairt faoi deara, mura soláthraíonn tú fianaise shásúil maidir le do shochair scoir eile, go mb'fhéidir nach mbeidh d'fhostóir in ann do shochair a íoc.

### An ardaíonn mo phinsean i ndiaidh dom dul ar scor?

Faoi réir fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, d'fhéadfadh do phinsean ardú de réir aon arduithe ar *CPI*.

### Sampla

Chuaigh Máire ar scor ar an 31 Aibreán 2018 agus ar an 31 Nollaig 2018 bhí ráta a pinsin bhliantúil cothrom le €20,000. In Eanáir 2019, de réir an athraithe CPI, d'fhaomh an tAire méadú de 0.70% ón 01 Eanáir 2019 ar gach pinsean a bhí á n-íoc ag an dáta sin. Ón 1 Eanáir 2019, bheadh pinsean bliantúil Mháire ardaithe ó €20,000 go dtí €20,140.

### An féidir liom m'fhostaíocht a fhágáil níos luaithe ná an ghnáthaois scoir?

Tá gnáthaois scoir ag comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) atá níos ísle ná an ghnáthaois scoir Fabhraithe Caighdeánach. Tá sochair na Scéime Aonair iníoctha láithreach i ndiaidh dul ar scor ó na Buan-Óglaigh má shroicheann tú an *ghnáthaois scoir* de 50 bliain d'aois, agus má tá *an tréimhse dílsithe 24 mí* curtha i gcrích agat. Maidir le Gardaí, Oifigigh Phríosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha, tarlaíonn sé sin má oibríonn tú go dtí go sroicheann tú 55 bliain d'aois agus má tá an tréimhse dílsithe curtha i gcrích agat. Má fhágann tú roimh an ngnáthaois scoir déantar do shochair a *iarchur.*

### Cathain is féidir liom cáiliú le haghaidh íocaíocht sochar iarchurtha?

Tá comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) a fhágann fostaíocht Scéime Aonair roimh an ngnáthaois scoir, cáilithe le haghaidh íocaíocht sochar iarchurtha ag an am céanna leis an aois cháilitheachta don Phinsean Ranníocach Stáit. Tá sé seo cothrom le 66, 67 nó 68 bliain d'aois ag brath ar do dháta breithe – féach leathanach 33 den bhileog faisnéise seo le haghaidh tuilleadh faisnéise.

I gcás eisceachtúil, áfach, tá sochair iarchurtha iníoctha uaireanta ó aois 60 le céimeanna áirithe Buan-Óglaigh (PDF) ar comhaltaí den Scéim iad, má dhéantar iad, gan aon locht a bheith orthu féin, a urscaoileadh go héigeantach ar fhorais pholasaí Acmhainní Daonna (AD) (seachas ar fhorais leighis*) sula sroicheann siad *an ghnáthaois scoir 50 bliain d'aois.* Bheadh sé seo i gceist, mar shampla, i gcás comhaltaí PDF a gceanglaítear orthu, faoina gconarthaí seirbhíse, a bheith urscaoilte go héigeantach nuair a bheidh tréimhse shonrach seirbhíse curtha i gcrích acu sula mbíonn 50 bliain d'aois slánaithe acu.

### Céard a tharlaíonn más gá dom dul ar scor go luath mar gheall ar dhrochshláinte?

Is féidir le Gardaí, Oifigigh Phríosúin agus Comhraiceoirí Dóiteáin lánaimseartha iarratas ar luathscor a dhéanamh ag aois ar bith ar fhorais drochshláinte. Ní mór go mbeadh iarratas dul ar scor ar fhorais drochshláinte faofa ag d'fhostóir agus go n-áireofaí ann measúnú leighis mar chuid den phróiseas.

Tá Comhaltaí de na Buan-Óglaigh faoi réir phróiseas measúnaithe leighis mhíleata faoina bhféadfaí iad a urscaoileadh nó a scor go héigeantach ar fhorais leighis má chinntear go bhfuil siad inniúil chun seirbhíse breise san fhórsa (i.e. "Faoi Chaighdeáin Leighis Óglaigh na hÉireann").

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoi scor de dheasca drochshláinte agus céard a d'fhéadfadh a bheith i gceist, ba cheart duit an Ciorclán ábhartha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie a léamh nó teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir.

### Céard a tharlaíonn má ghlacaim páirt sa tSeirbhís Phoiblí arís i ndiaidh dom dul ar scor agus pinsean a bheith á fháil agam?

Má athfhostaítear tú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann i ndiaidh duit dul ar scor agus má tá pinsean seirbhíse poiblí á fháil agat, ag brath ar leibhéal an phá inphinsin a fhaigheann tú ó d'fhostóir seirbhíse poiblí i ndiaidh duit dul ar scor, d'fhéadfaí do phinsean a laghdú nó a chur ar fionraí. "Lacáiste" a thugtar ar an laghdú nó ar an bhfionraí seo. Foráiltear sna rialacha nach sáraíonn tuilleamh comhcheangailte pinsinéara seirbhíse poiblí óna p(h)ost seirbhíse poiblí reatha a p(h)insean scoir seirbhíse poiblí reatha, an pá coibhéiseach reatha inphinsin ón bpost seirbhíse poiblí a bhí aige/aici roimhe seo. Braithfidh an tionchar iarbhír ar do phinsean (más ann dó) ar an duine.

Má athfhostaítear thú sa tseirbhís phoiblí in aon phost íoctha, tá dualgas ort de réir an dlí a chur in iúl do d'fhostóir nua go raibh tú i mbun fostaíochta seirbhíse poiblí roimhe seo agus go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil agat, nuair a athcheaptar tú mar sheirbhíseach poiblí. Chomh maith leis sin, ba cheart a iarraidh ar d'fhostóir nua an fhaisnéis riachtanach maidir le tuarastal etc. a chur ar fáil do d'iar-fhostóirí nó do do sholáthraí pinsin gan mhoill.

# An Pinsean Ranníocach Stáit agus sochair do Scéime Aonair

Cuimsítear sa Scéim seo an Pinsean Ranníocach Stáit mar chuid de phacáiste pinsin iomlán an fhostaí, scéim chomhtháite a thugtar air seo – féach ar na sainmhínithe ag tús na bileoige faisnéise seo. Déanann fostóirí agus fostaithe araon ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasa (ÁSPC) agus d'fhéadfadh siad seo, dá réir sin, a bheith mar bhonn le teidlíochtaí ar shochair leasa shóisialaigh a thabhairt do chomhaltaí na Scéime.

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal an Pinsean Ranníocach Stáit a fháil bunaithe ar chinneadh a dhéanfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS). Bheadh sé seo iníoctha ar leithligh agus go díreach leat ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ag an 25 Márta 2019 tá an t-uasráta do dhuine singil gan chleithiúnach cothrom le €248.30 gach seachtain (€12,956.29 gach bliain).

Tá an aois íosta chun cáiliú chun an Pinsean Ranníocach Stáit a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí bunaithe ar do dháta breithe:

| Phinsin Aois: Aois 66 | Phinsin Aois: Aois 67 | Phinsin Aois: Aois 68 |
|---|---|---|
| Má rugadh thú roimh an 1 Eanáir 1955 | Má rugadh thú idir an 1 Eanáir 1955 agus an 31 Nollaig 1960 | Má rugadh thú ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 1961 |

Tá teidlíocht don Phinsean Ranníocach Stáit bunaithe ar chritéir cháilitheachta atá sonraithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní féidir le d'fhostóir faisnéis a chur ar fáil duit maidir le do theidlíochtaí don Phinsean Ranníocach Stáit.

**Tá faisnéis bhreise maidir le teidlíochtaí don Phinsean Ranníocach Stáit, lena n-áirítear sonraí maidir leis na critéir cháilitheachta, le fáil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí trí Ghlaoch Áitiúil 1890 500 000 nó trína suíomh gréasáin ag www.welfare.ie.**

### Pinsean Forlíontach

**Ní** fhorálann téarmaí na Scéime Aonair le haghaidh íocaíocht pinsean forlíontach faoi aon imthosca.

# Sochair báis

### Céard a tharlaíonn má fhaighim bás i rith m'fhostaíochta mar chomhalta den Scéim?

Má fhaigheann tú bás le linn duit a bheith i mbun seirbhíse, faoi réir coinníollacha áirithe agus incháilitheacht, d'fhéadfadh go mbeadh na sochair seo a leanas iníoctha:

### Aisce Báis

Tá an aisce báis cothrom le dhá oiread do luach saothair inphinsin sa 12 mhí roimh do bhás. Má bhí do i do chomhalta den Scéim ar feadh tréimhse níos lú ná 12 mhí ar fad, beidh d'aisce báis cothrom le dhá oiread do luach saothair inphinsin tuillte fad is a bhí tú i do chomhalta den Scéim.

Bheadh an aisce báis á laghdú ag aon chnapshuim a bheadh íoctha cheana féin nó iníoctha ón Scéim seo nó ó scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann roimhe seo (i.e. scéim pinsean seirbhíse poiblí seachas an Scéim Aonair), agus ag aon aisce iníoctha eile nó íoctha cheana féin ó scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann roimhe seo.

Tá d'aisce báis iníoctha le d'ionadaí pearsanta dlíthiúil i ndiaidh do bháis. Ní féidir leat duine éigin eile a ainmniú chun aisce báis a fháil.

### Sochair chleithiúnaithe - Pinsean Bliantúil iníoctha le Céile nó Leanbh cáilithe

Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí go mbeadh pinsean arb ionann é agus leath den phinsean a bheadh iníoctha dá mbeadh tú tar éis dul ar scor nó urscaoilte ar fhorais leighis ar dháta do bháis le fáil ag do chéile / páirtí sibhialta marthanach.

Faoi réir teorainneacha áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh leanbh cáilithe, cáilithe freisin chun pinsean leanaí a fháil sa chás go bhfaigheann tú bás chomh fada is go gcomhlíonann sé/sí an sainmhíniú atá luaite le leanbh cáilithe, go ginearálta leanbh faoi 16 bliain d'aois, nó i mbun oideachas lánaimseartha agus faoi 22 bliain d'aois, nó buanéagumasaithe.

### Céard a tharlaíonn do m'íocaíocht pinsin nuair a fhaighim bás i ndiaidh dom dul ar scor?

Mura bhfuil tú pósta nó páirteach i bpáirtnéireacht shibhialta agus mura bhfuil aon leanaí agat, cuirfear stop go huathoibríoch le do phinsean ar dháta do bháis agus ní bheidh aon sochair bhreise iníoctha le d'Eastát.

D'fhéadfaí go mbeadh pinsean marthanóra cothrom le leath ráta do phinsin ar dháta do bháis ar fáil do do chéile / páirtí sibhialta.

Faoi réir teorainneacha áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh leanbh cáilithe, cáilithe freisin chun pinsean leanaí a fháil sa chás go bhfaigheann tú bás chomh fada is go gcomhlíonann sé/sí an sainmhíniú atá luaite le leanbh cáilithe, go ginearálta leanbh faoi 16 bliain d'aois, nó i mbun oideachas lánaimseartha agus faoi 22 bliain d'aois, nó buanéagumasaithe.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Sochair Báis le fáil sa Chiorclán ábhartha nó sna Treoirlínte atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie nó ó d'fhostóir.

# Dlí Teaghlaigh agus do chuid sochar

### Céard a d'fhéadfadh tarlú do mo chuid sochar má bhíonn scaradh nó colscaradh i gceist?

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag Colscaradh, Idirscaradh Breithiúnach nó díscaoileadh Páirtnéireachta Sibhialta faoi na hAchtanna Dlí Teaghlaigh ar do shochair scoir agus báis.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh Cúirt Dlí Teaghlaigh Ordú um Choigeartú Pinsean a eisiúint ag treorú d'Iontaobhaithe na Scéime sochair comhalta a roinnt idir an comhalta agus iar-Chéile nó iar-Pháirtí Sibhialta agus/nó leanbh. Ní féidir Orduithe um Choigeartú Pinsean a chur i bhfeidhm ach ar shochair scoir, sochair theagmhasacha (báis) amháin, nó ar an dá rud.

Is iad na hIontaobhaithe an páirtí fógra dlí le haghaigh aon imeachtaí Dlí Teaghlaigh faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

### Cá bhfaighidh mé tuilleadh faisnéise faoi Dhlí Teaghlaigh?

Tá tuilleadh faisnéise faoi oibriú agus faoi thionchar Orduithe um Choigeartú Pinsean maidir le scéimeanna pinsin le fáil ó na háiteanna seo a leanas:

- Tá na foilseacháin seo a leanas foilsithe ag an Údarás Pinsean *'A brief guide to the pension provisions of the Family Law Acts'* agus *'Pensions on separation and divorce checklist'*. Tá cóip de na doiciméid seo le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.pensionsauthority.ie nó is féidir iarratas i scríbhinn a sheoladh chuig An tÚdarás Pinsean, Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KX27
- D'aturnae.



# Comhaltacht Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) agus comhaltacht Fabhraithe Caighdeánach

### Céard é comhaltacht Fabhraithe Caighdeánach?

Forálann téarmaí na Scéime Aonair le haghaidh comhaltacht Fabhraithe Caighdeánach agus comhaltacht sa scéim fabhraithe tapa. Is comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach iad formhór (thart ar 90%) de chomhaltacht iomlán na Scéime Aonair. Carnann comhaltaí na scéime fabhraithe tapa sochair ag ráta fabhraithe níos airde ná comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach. Tá an ghnáthaois scoir le haghaidh comhaltaí fabhraithe tapa níos ísle ná an ghnáthaois scoir le haghaidh comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach. Tá aois scoir éigeantach de 70 bliain d'aois luaite le comhaltaí Fabhraithe Caighdeánach. Tá aoiseanna scoir éigeantacha éagsúla, ach níos ísle, ag comhaltaí fabhraithe tapa.

### Céard é gnáthaois scoir an Fhabhraithe Chaighdeánaigh?

Is ionann é seo agus an aois cháilithe don Phinsean Ranníocach Stáit bunaithe ar do dháta breithe, mar seo a leanas:

| Aois Scoir<br>Aois 66 | Aois Scoir<br>Aois 67 | Aois Scoir<br>Aois 68 |
|---|---|---|
| Má rugadh thú roimh an 1 Eanáir 1955 | Má rugadh thú idir an 1 Eanáir 1955 agus an 31 Nollaig 1960 | Má rugadh thú ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 1961 |

### Céard é an aois sochair iarchurtha le haghaidh comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide)?

Go ginearálta, tá an aois sochair iarchurtha le haghaidh comhaltaí Fabhraithe Tapa (Faoi Éide) mar an gcéanna leis an aois cháilithe don Phinsean Ranníocach Stáit. Tá aois sochair iarchurtha níos ísle de 60 bliain d'aois i bhfeidhm, áfach, do phearsanra míleata áirithe a dhéantar a urscaoileadh nó a scor go héigeantach roimh an ngnáthaois scoir (50) ar fhorais pholasaí AD (seachas ar fhorais leighis) – féach ar leathanach 32 le haghaidh tuilleadh sonraí.

# Breis Faisnéise faoin Scéim

### Céard é bonn dlí na Scéime seo?

Is Scéim Pinsin reachtúil le Sochar Sainithe de chuid na Seirbhíse Poiblí í seo a bunaíodh ar an 1 Eanáir 2013 faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

### An féidir an Scéim a leasú?

Is féidir. Tá an chumhacht ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun rialacháin a thabhairt isteach i ndáil le sochair áirithe faoin Scéim. D'fhéadfadh athruithe níos substaintí ar an Scéim athruithe reachtacha ar Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 a éileamh.

### An bhfuil an Scéim cláraithe leis an Údarás Pinsean?

Tá. Is é PB275744 uimhir chlárúcháin an Údaráis Pinsean.

### Cé atá i mbun riaradh na Scéime?

Tá an tÚdarás Iomchuí a bhfuil tú fostaithe aige freagrach as ranníocaíochtaí asbhaintí pinsin a bhaint ó do phá, as na sochair Scéime a charnann tú i rith do chuid fostaíochta a ríomh, as ráiteas sochair bliantúil a eisiúint gach bliain, agus as do shochair faoin Scéim a íoc.

Tabhair faoi deara, go bhfuil gach fostóir Údaráis Iomchuí freagrach as riaradh do chuid ranníocaíochtaí pinsin asbhainte, agus as na sochair scoir atá carntha agat i rith do chuid fostaíochta leis an Údarás Iomchuí a ríomh. Dá réir sin, má tá roinnt fostaíochtaí éagsúla seirbhíse poiblí inphinsin agat i rith na bliana, gheobhaidh tú ráiteas sochair ag deireadh na bliana ó gach ceann d'fhostóirí do Scéime Aonair.

### Cé a íocann mo chuid sochar?

Tá d'fhostóir freagrach as íocaíocht gach sochar iníoctha faoin Scéim a eagrú. Is scéim íoc mar a thuillir í an Scéim Aonair. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gach dliteanas faoin Scéim á mhaoiniú ag an Státchiste.

### An féidir liom mo chuid sochar a úsáid mar urrús chun iasacht nó morgáiste a fháil?

Ní féidir. Ní féidir do shochair faoin Scéim a úsáid mar urrús chun iasacht nó morgáiste a fháil nó ní féidir iad a shannadh do dhuine nó d'eintiteas ar bith eile.

### Céard a dhéanfaidh mé más mian liom gearán a dhéanamh?

Tá fostóir d'Údaráis Iomchuí freagrach as do shochair a riar faoin Scéim.

Má tá rud éigin ar leith faoi riaradh do chuid sochar faoin Scéim ag déanamh imní díot, ar dtús ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir chun an méid atá ag déanamh imní duit a chur in iúl.

Má tá tú fós míshásta, ba cheart duit scríobh chuig d'fhostóir. Beidh an fostóir in ann a chur in iúl duit más ann do nós imeachta ar leith ar cheart duit é a leanúint. In aon chomhfhreagras, ba cheart duit cur síos soiléir a dhéanamh ar na cúiseanna a bhfuil imní ort agus dóthain mionsonraí a chur ar fáil chun cur ar chumas d'fhostóra nó ainmní cuí, imscrúdú a dhéanamh ar an gceist go tráthúil agus é mar aidhm teacht ar réiteach iomchuí.

I ndeireadh na dála, b'fhéidir go mbeidh ort dul ar iontaoibh Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean i ndáil le do ghearán má tá tú fós míshásta nuair a bheidh imscrúdú iomlán déanta ag d'fhostóir ar do ghearán. Seo a leanas sonraí teagmhála Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean:

**Seoladh**

Oifig an Ombudsman Seirbhísí
Airgeadais agus Pinsean
An 4ú hUrlár, Teach Lincoln
Plás Lincoln
Baile Átha Cliath 2
D02 VH29

| | |
|---|---|
| **Ríomhphost** | info@pensionsombudsman.ie |
| **Teileafón** | +353 1 676 6002 |
| **Facs** | +353 1 661 8776 |

# Cá bhfuil breis faisnéise le fáil?

Tá breis faisnéise le fáil maidir leis an Scéim Aonair ar an suíomh gréasáin tiomanta www.singlepensionscheme.gov.ie.

Mura bhfaigheann tú freagra ar an bhfiosrúchán atá á dhéanamh agat sa bhileog faisnéise seo, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir (e.g. feidhm pinsin, AD nó párolla) le tuilleadh fiosrúchán le haghaidh faisnéis bhreise nó le fiosrúcháin shonracha.

**Tabhair faoi deara, má tá tú fostaithe ag eagraíocht atá ascanta chuig AD Comhroinnte/Pinsin/Lárionad Párolla (e.g. PeoplePoint, MyPay), ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte sin go díreach de réir na bprótacal áitiúil atá i bhfeidhm.*



# Foinsí eile d'fhaisnéis úsáideach

An Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
www.welfare.ie

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
www.citizensinformation.ie

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
www.legalaidboard.ie

An tÚdarás Pinsean
www.pensionsauthority.ie

An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean
www.fspo.ie

Brokers Ireland
www.brokersireland.ie



An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

www.singlepensionscheme.gov.ie